



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Iúil 2015
(OR. en)

11054/15

ASIE 43
COASI 104
COPS 241
CFSP/PESC 425

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin

Ag a cruinniú den 20 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin

1. Déanann an Chomhairle an tuarascáil ó 2015 maidir le Plean Páirtíochta 5-bliana an Aontais Eorpaigh-na Pacastáine a fhorghníú. Ag meabhrú dó a Chonclúidí in 2012 agus 2013, cuireann an tAontas Eorpach in iúl an athuair a thiomanta atá sé an daonlathas a neartú agus an caidreamh atá aige leis an bPacastáin a dhlúthú. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an t-idirphlé leis an bPacastáin ag leathnú agus ag doimhniú le blianta beaga anuas maidir le réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht, dí-armáil agus neamhleathadh, agus bainistiú imirce. Tá an tAontas Eorpach ag brath le leanúint dá idirphlé leis an bPacastáin i réimse na saincheisteanna seo uile agus meabhraíonn sé a thábhachtaí atá sé dó go gcuirfear an Comhaontú um Athghlacadh Isteach idir an tAontas agus an Phacastáin chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Phacastáin tar éis an-tairbhe a bhaint as rochtain fhabhrach a bheith aici ar mhargadh an Aontais faoi scéim GSP +, agus méadú ar onnmhairithe chun an tAontas Eorpach arbh fhiú níos mó ná €1 billiún é in 2014.
2. Tá ról suntasach ag an bPacastáin maidir le caidreamh polaitiúil, eacnamaíoch agus trádála sa réigiún a chur chun cinn, rud a chuireann leis an bhfás, le cobhsaíocht agus leis an tsíocháin san Áise Láir agus Theas. Is maith leis an Aontas Eorpach gur faoi choimirce na Pacastáine in Islamabad a bheidh an chéad chomhdháil Aireachta “Croí na hÁise” níos déanaí i mbliana agus is maith leis na céimeanna dearfacha atá glactha aici chun rannpháirtíocht fhollúnach a bhunú le Rialtas na hAfganastáine. Iarrann an Chomhairle ar an bPacastáin leanúint de na tionscnaimh sin agus féachaint leis an mbealach a réiteach do chainteanna síochána faoi stiúir agus faoi úinéireacht na nAfganastánach. Ina theannta sin, iarrann an tAontas Eorpach ar an bPacastáin cur go gníomhach le hiarrachtaí idirnáisiúnta i réimse na slándála núicléiche, maidir le neamhiomadú agus maidir le dí-armáil.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad chuairt ó Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine ar an bPacastáin i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus iarrann sí ar an bPacastáin tosaíocht a thabhairt do shaoirse reiligiúin nó creidimh, cearta na ndaoine ar baill de mhionlaigh iad, cearta na mban agus cearta an linbh agus saoirse cainte, lena n-áirítear maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine, agus na nithe sin a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn. Is ábhar imní don Aontas Eorpach bearta na Pacastáine i leith ghrúpaí na sochaí sibhialta le gairid mar aon le próisis a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn le saoirse feidhmithe na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go n-urramófar na prionsabail bhunúsacha dhaonnúla.
4. Is maith leis an Aontas Eorpach go bhfuil an Phacastáin ag déanamh dul chun cinn i ndáil leis an gclár faoin gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta atá aici. Iarrann an Chomhairle ar an bPacastáin tógáil ar an méid sin trí athchóirithe breise eacnamaíocha a chur i gcrích.
5. Aithníonn an tAontas Eorpach íobairt na Pacastáine maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Iarrann an Chomhairle ar an bPacastáin cur leis na bearta atá déanta aici chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac agus antoisceachas foréigneach a chomhrac, go háirithe le bearta chun cosc a chur ar fhuathchaint, srian a chur le maoiniú eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, an cosc a chur i bhfeidhm maidir le heagraíochtaí toirmiscthe, céimeanna éifeachtacha a ghlacadh i gcoinne na géarleanúna ar bhonn reiligiúin, agus cliarscoileanna Ioslamacha na Pacastáine a chlárú agus a rialáil.
6. Is ábhar mór buartha don Aontas Eorpach cinneadh na Pacastáine deireadh a chur leis an moratóir ar bhásuithe a cuireadh i bhfeidhm ó 2008 agus go bhfuil intinn aici dul i mbun básuithe athuair ar luas scáfar. Tá an tAontas Eorpach go mór i gcoinne phionós an bháis i ngach cás, agus éilíonn sé go seasmhach go gcuirfear deireadh ar fad leis fud fad na cruinne. Iarrann an tAontas Eorpach ar an bPacastáin an moratóir a chur i bhfeidhm ar ais láithreach agus pianbhreitheanna na ndaoine uile a daoradh chun báis a iomalartú mar chéim thosaigh le pionós an bháis a dhíothú agus iarrtar uirthi a hoibleagáidí idirnáisiúnta uile a urramú ina n-iomláine. Is páirtí an Phacastáin den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, agus den Choinbhinsiún i gcoinne an Chéasta, lena ndaingnítear an ceart chun triail chóir, lena gcoiscítear pianbhreith báis i gcás coireanna a dhéanann daoine atá faoi ocht mbliana déag d'aois agus lena n-éilítear imscrúdú pras, neamhchlaonta i gcás ina bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint go ndearnadh céastóireacht. Tá cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin ina cheanglas faoi scéim GSP +.

7. An 8 Bealtaine 2015, thuairteáil héileacaptar de chuid arm na Pacastáine ina raibh roinnt taidhleoirí, lena n-áirítear taidhleoirí ón Aontas Eorpach, tar éis di tuirlingt ar an talamh i nGilgit-Baltistan na Pacastáine, le linn turas trí lá i dtuaisceart na Pacastáine. Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an bPacastáin as an gcúnamh a thug sí tar éis an timpiste héileacaptair agus ba mhaith léi tuarascáil ar an imscrúdú a fháil go luath chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach.
8. Tá an tAontas Eorpach tiomanta go hiomlán i gcónaí don idirphlé leanúnach agus don chaidreamh leis an bPacastáin faoin bPlean Páirtíochta 5-Bliana. Ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar ar na príomhghnéithe den Phlean Páirtíochta, lena n-áirítear cearta an duine, thiocfadh sé go mbeadh tríú cruinniú mullaigh ad hoc idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin mar thoradh ar an obair sin.

—